# 6 An Chláirseach

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Cairt KWL

Cláirseach sa seomra ranga

Ag ainmniú na codanna agus ag cur lipéid ar phictiúr.

Ag breathnú ar an gceoltóir seo ar an *Late Late Show* ar an Seinnteoir RTÉ ar líne

An Chláirseach mar shiombail na hÉireann.

Na difríochtaí idir an Chláirseach Ghaelach agus an Chláirseach chlasaiceach a phlé.

Ag éisteacht le ceol traidisiúnta á sheinm ar an gcláirseach Ghaelach, sa seomra ranga agus ar dhlúthdhioscaí éagsúla.

***Réamhrá:***

**Cairt KWL**

Líon isteach an chéad cholún – *'eolas atá agam cheana féin'. Labhair le do pháirtí faoi!*

Líon isteach an dara cholún – *'Ba mhaith liom fáil amach faoi...'*

***Corp:***

**1. An Chláirseach sa seomra!**
Féach ar an gcláirseach a thóg do mhúinteoir isteach!

Cluiche tomhais – *Buille faoi thuairim cé mhéad sreang atá air? Cé hé/hí an duine is gaire don uimhir ceart?*

**2. Na codanna.**
Foghlaim ainmneacha na gcodanna agus cuir lipéidí ar an bpictiúr ar an gclár bán.

**3. Comhrá!** Cén tábhacht atá ag baint leis an gcláirseach in Éirinn? An bhfeictear é thart timpeall in aon áit?

**4.** Féach ar an gcur i láthair **Powerpoint** agus éist leis an múinteoir ag míniú na difríochtaí idir an Chláirseach Ghaelach agus an Chláirseach chlasaiceach.

**5. Comhrá**! An bhfuil an chláirseach le cloisteáil in aon chineál ceoil eile? Éist le sampla nó dhó de phopcheol ar líne!

***Críoch:***

**Cairt KWL**
Líon isteach an tríú cholún – *'D'fhoghlaim mé'.*
*Labhair le do rang faoi céard a d'fhoghlaim tú!*

**Forleathnú**

1.
Breathnaigh ar thaifeadadh den chlár Late Late Show a bhí tiomnaithe go speisialta don cheoltóir seo!

2.
Éist lena cuid ceoil i rith am lóin, sa chúlra i rith ceachtanna ealaíne srl.

3.
Nascanna eile ar líne:

*Sharon Shannon live at Dolan's Warehouse 2006*

*Sharon Shannon feat. Marvel & Lady K - What You Make It (Da Da Da Da)* (popshingil!)

https://www.youtube.com/watch?v=bR_2o0TNTHA

## CEISTEANNA

1. Cé mhéad sreang atá ar chláirseach Ghaelach?
2. Ainmnigh na codanna den chláirseach.
3. Cá bhfuil an chláirseach le feiceáil mar shiombail d'Éireann?
4. Cad iad na difríochtaí idir an Chláirseach Ghaelach agus an Chláirseach Chlasaiceach?
5. Cén cineál ceoil a sheinntear ar an gcláirseach?
6. Cad é do thuairim faoi ceol na cláirsí?

Erasmus+